

Marie Whelton

# AN DORAS AR OSCAILT

## Cuireadh Speisialta Iubhaile Chuig Iomláine na Beatha

Is Léachtóir i Rannóg na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino í Marie Whelton




Tá fógartha ag an bPápa Proinsias go gcuirfear tús le Bliain Iubhaile Neamhchoitianta ar 8 Mí na Nollag, 2015 a leanfaidh ar aghaidh go 20 Mí na Samhna, 2016. Mar is iondúil, aimsir na hIubhaile, osclófar na doirse naofa sa Róimh agus i mbliana osclófar 'Doras Trócaire' i ngach ard-eaglais ar fud an domhain. Beidh an doras oscailte ina chomhartha ar an gcuireadh saor in aisce a thugann Dia do gach duine dul thar an tairseach isteach chun blaiseadh dá thrócaire, agus dá réir, d'iomláine na beatha.

Go minic, sa lá atá inniu ann, is trí dhul sa tóir ar an duine féin (nó ar an 'mise-fíor') a dhéanann daoine iarracht teacht ar iomláine na beatha agus cuirtear béim mhór ar an bhféinaimsiú agus ar an bhféinachtáil shíceolaíoch sa phróiseas sin. Ach tá teannas áirithe ann idir an féin-chomhlíonadh ego-lárnach sin agus an comhlíonadh a thagann mar thoradh ar an ngrá gníomhach a bhogann lastall den fhéineacht indibhidiúil agus den tsocracht chompordach phearsanta. Ina theannta sin, tá teannas ann idir é agus an íomhá de Dhia a nochtar sa Bhíobla.

Tríd an Sean-Tiomna síos foilsíonn Dia a nádúr féin mar nádúr a shíneann amach uaidh féin i dtreo an chine dhaonna. Dia an chineáltais agus na trócaire is ea é, 'is mall é chun feirge, is lán é de bhuanghrá...' (Eacsadas 34: 6). Ionchollú ar an mbuanghrá sin is ea Íosa. Folmhaíonn sé é féin go hiomlán chun teacht inár measc. Gach rud a dhéanann sé, is léiriú é ar thrócaire Dé dúinn. Feictear an trócaire sin sa chaidreamh sainiúil domhain a bhunaíonn sé le daoine, sa tslí a gcaitheann sé le daoine atá i ngéibheann ag an gciontacht agus ag an imní, sa tslí a meascann sé leis na bochtáin agus leo siúd atá ar imeall na sochaí, sa tslí a dtugann sé cneasú agus sláinte dóibh siúd atá tinn. Is leor focal, tadhall láimhe nó féachaint uaidh chun fuascailt agus suaimhneas a fháil. Cloistear é ag caint faoin trócaire, freisin, agus go háirithe ina chuid parabal, nuair a labhraíonn sé faoin aoire a théann sa tóir, ar bhealach gníomhach trócaireach, ar an gcaora fáin d'fhonn é a chumhdach lena ghrá; agus, nuair a labhraíonn sé faoin athair a osclaíonn doirse a thí amach chun fáilte mhór abhaile a chur roimh mhac a chuaigh sa tóir ar an sonas agus a rinne iarracht é féin a chomhlíonadh go neamhspleách ar a chlann agus ar a phobal féin.

Más mian linn iomláine na beatha a bhlaiseadh, níl le déanamh againn ach freagra dearfach a thabhairt ar chuireadh Dé teacht tríd an doras. Ní chiallaíonn sé sin go mbeidh sé éasca, áfach, óir iarrann an cuireadh orainn maireachtáil i ngrá Dé agus an té a léiríonn grá, bogann sé /sí lasmuigh de/di féin i gcónaí chun



## Osclófar 'Doras Trócaire' i ngach ard eaglais ar fud an domhain

riachtanais daoine eile a chur chun tosaigh. Is iomaí cló a bhíonn ar an ngrá céanna: uaireanta is tríd an éisteacht chiúin a thaispeántar an grá, uaireanta eile is í an chrógacht chun labhairt amach in aghaidh na héagóra a bhíonn ag teastáil. Iarrann an grá orainn cineáltas a léiriú trí shuí, ag am lóin, in aice leis an té a fhágtar go rialta lasmuigh den ghrúpa; iarrann an grá orainn am a fháil i lá gnóthach chun tréimhse a chaitheamh le gaol atá ag fáil bháis le hailse; iarrann an grá ar iníon cuairt a thabhairt ar mháthair a lig síos í agus í óg agus atá fós i bpríosún ag an alcólachas; iarrann an grá ar dheartháir a oibríonn go dian i ngnó na clainne fáilte abhaile a chur roimh dheartháir a chaill airgead a mhuintire aimsir an bhorrtha.

Seirbhís leanúnach ghníomhach a bhíonn i gceist agus cé nach mbíonn sí éasca, leanann uaithi comhlíonadh pearsanta agus lúcháir na beatha - an cineál sin lúcháire a mhothaigh Muire nuair a ghlac sí leis an gcuireadh speisialta a fuair sí ó Dhia. Seachas díriú ar na dúshláin phearsanta ollmhóra a bheadh os a comhair, chan sí le háthas agus chan sí le buíochas mar dhuine a thuig go mbeadh sí i seirbhís an ghrá (Lúcás 1: 47). Má ghlacaimid leis an gcuireadh speisialta atá á thabhairt ag Dia dúinn i mbliana, níl amhras faoi ach go mbeidh dúshláin phearsanta shuntasacha os ár gcomhair amach. Beidh orainn ár leithleachas ego-lárnach a chur de leataobh, beidh orainn bogadh lasmuigh de na zóin chompoird ina mairimid. I bhfocail an Phápa, beimid 'brúite, gortaithe agus salaithe' de bharr ár seirbhíse gníomhaí 'amuigh ar na sráideanna', ach, ar nós Mhuire, blaisfimid, freisin, de nádúr trócaireach Dé agus de lúcháir bhuan a thí.

**INTINN SHOISCÉALAÍOCHTA AN PHÁPA DO MHÍ NA NOLLAG 2015:**
**Go mothaí an uile dhuine trócaire Dé, ós Dia é nach dtagann tuirse air maithiúnas a thabhairt.**

**Foclóirín:** Féinachtáil = *féinfhorbairt;* féineacht = *an duine féin (ego);* sainiúil = *ar leith;* socracht chompordach = *sáimhín só;* tadhall láimhe = *teagmháil láimhe;* aimsir an bhorrtha = *am an Tíogair Cheiltigh.*